



Dúshlán Géilleadh a Thabhairt do Thrócaire Dé

Réamhrá

Mar Chríostaithe, caithfimid éisteacht le, agus freagairt a thabhairt ar ‘glao’ Chríost inár saol. Bíonn sé deacair dúinn am a ghlagadh óimeachtaí broidiúla an lae agus cluas le héisteacht a thabhairt do bhriathar Dé inár gcroí istigh, nuair a bhíonn an méid sin rudaí eile ag iarraidh ár n-aire. Is é seo an cuireadh a thugann Dia dúinn. Tugtar dúshlán dúinn ár gcreideamh a chur i nDia agus teaghmáil a dhéanamh leis. Iarrann an creideamh orainn dea-shampla Íosa a chur i bhfeidhm inár saol féin. Maidir leis an ngaol atá againn le Críost bíonn sé suas chugainn féin a bheith ag éisteacht, ag freagairt, agus ag lorg na bealaí ina bhféadfaimis trócaire Dé a léiriú ar domhan.

Eochairfhocail

TRÓCAIRE FREAGAIR GLAO DÚSHLÁN NÚIS COMHBHÁ

Spreagadh

Tugann an foclór sainmhíniú ar an trócaire mar ‘comhbhá nó maithiúnas a léiriú i leith dhuine eile nuair a bheadh sé ar acmhainn agat pionós a chur air nó dochar a dhéanamh dó’ Cíor na ceisteanna seo:

- Ar tharla sé riamh i do shaol go raibh sé ar acmhainn agat pionós a chur nó dochar a dhéanamh, nó neamhaird a thabhairt, agus nach ndearna tú?
- Ar thaispeáin tú comhbhá do dhuine riamh?

Tugann Íosa dea-shampla dúinn maidir le comhbhá a léiriú i leith dhaoine eile. Déan sé ghrúpa éagsúla i measc na mac léinn. Tabhair ceann de na samplaí seo de thrócaire Íosa ón soiscéal dóibh agus iarr orthu an scéal a scríobh i dteanga an lae inniu.

- Matha 11:28-30
- Lúcás 7:13
- Matha 15:32
- Marcos 6:34
- Lúcás 19:41-42
- Eoin 18:8-9

Is éard atá sa trócaire ná grá agus comhbhá á gcur i gníomh.



**Féach ar an ngearrthóg**www.youtube.com/watch?v=2mTLO2F_ERY

FÉACH

Tagann athfhás agus borradh ar shaol an Uasail W. nuair a bhuaileann sé le duine eile a ghlacann go hoscailt leis. Núis mhi-oiriúnaithe a bhíodh ann, ach anois bíonn tionchar deimhneach aige i measc an phobail. Toisc gur dhéileáil an duine eile leis ar bhealach grámhar, bhláthraigh an áilleacht agus an daonacht ann. Cuirimid an trúcaire, an chomhbhá, an grá i bhfeidhm díreach de réir mar a bhímid ag déileáil lena chéile, leis an bpobal, leis an domhan thart timpeall orainn. Tugann Íosa go leor samplaí dúinn maidir leis an mbealach ina ndéanann an dearcadh deimhneach cloachlú a chur ar an teagmháil a dhéanaimid. Ní hé an rud a bhíonn le feiceáil an rud is tábhactaí, ach an léargas a fhaighimid air. (Foinse seeingmore.org)

MACHNAIGH

Machnamh

Scríobh freagraí ar na ceisteanna seo i do dhialann phearsanta. Ná bíodh fuadar fút, ach caith cúpla nóiméad ag smaoineamh, féachaint cad iad na tuairimí a bheadh agat.

- Cén bhrí a bhaineann tú as an bhfocal ‘trúcaire’?
- Dá mbeadh deis agat ceist a chur ar Íosa faoin ‘trúcaire’, cén cheist a chuirfeá?
- An ionann ‘trúcaire’ agus ‘comhbhá’? Mínigh.
- An bhfuil deacracht agat grá Dé mórrhimpeall ort a aithint?
- Cén áit ina dtugann tú radharc grámhar Dé agus a chomhbhá faoi deara i do shaol?

Pайдir**Aithnímid Grá Dé**

Tabhair an grásta dom, a Thiarna, an dínit dhaonna a aithint, díreach mar a d'aithin tusa é. Tabhair spreagadh dom maireachtáil de réir do bhriathar, agus comhbhá a léiriú ach go háirithe i leith na ndaoine a ndéantar neamháird orthu. Deonaigh go mbeidh an tsaoirse agam grá a thabhairt do chách, a Thiarna, gan an costas a chomhaireamh. Amen.





An Dúshlán Maireachtáil de réir Thrócaire Dé

Réamhrá

Baineann tábhacht thar na bearta le híomhánna i saol an lae inniu, agus sa bhealach ina mbímid i gcumarsáid lena chéile. Bíonn íomhánna le feiceáil in aghaidh an lae a réitionn lenár ndearcadh féin, nó a thugann dúshlán dó. Cuireann íomhánna áille, nó íomhánna gránna isteach orainn go minic, taitníonn cuid acu linn, ach ba mhaith linn cuid eile acu a sheachaint. Bí ag caint faoi ghéarchéim reatha na ndídeanaithe san Eoraip. Bhíodh na scáileáin lán d'íomhánna maidir leis an ngéarchéim ar feadh cúpla seachtain, ach chuaigh siad i ndísc tar éis tamaill, nuair a tháinig an chéad scéal mór eile ar an saol. Cén cruth a bheadh ar íomhá na trócaire sa chás seo?

Eochairfhocail

DÍDEANAÍ TEARMANN IARRTHÓIR EACNAMAÍOCH IMIRCEACH IONBHÁ PLÉADÁIL TIONLACAN SEIRBHÍS

Spreagadh

Is é an téama a roghnaigh an Pápa le haghaidh ‘Lá Domhanda na dTeifeach agus na nDídeanaithe’ na hEaglaise (17 Eanáir 2016) ná: ‘**Tugann na Teifigh is na Dídeanaithe Dúshlán dúinn. Freagairt Shoiscéal na Trócaire**’.

‘Tá fadhb na himirce lenár linn ag fás i gcónaí. Tugann na dídeanaithe is na teifigh dúshlán dúinn mar dhaoine aonair, agus mar phobail chomh maith, agus ceistítear an córas maireachtála traidisiúnta a bhíonn againn’. Deir an Pápa go gcuirtear as don chómheá nádúrtha a bhaineann leis na pobail agus na cultúir lena ndéanann siad teagmháil. Leanann sé ar aghaidh: ‘Is fíorais struchtúracha iad na gluaiseachtaí imirce seo, agus tá dualgas príomha orainn déileáil leis an ngéarchéim reatha trí chláir a chur ar fáil a thabharfaidh aghaidh ar fháthanna na himirce, agus ar na hathruithe a dtarlaíonn dá mbarr, agus athruithe i gcomhdhéanamh na bpobal agus an tsochaí san áireamh’. Ardaíonn an Pápa an cheist: ‘Má chuirtear na mórcheisteanna seo os ár gcomhair, nach bhfaighidh an Eaglais spreagadh ó bhríathar Dé agus ón dea-shampla a thug sé dúinn? Is é an freagra a thugann na soiscéil ar an gceist seo ná an trócaire a chur i bhfeidhm’.

Bíonn sé deacair dúinn trócaire a dhéanamh ar dhaoine mura mbíonn ionbhá againn leo.





Féach ar an ngearrthóg agus scríobh freagairt di i do dhialann.

'Nuair nach ann Duit'


FÉACH

www.youtube.com/watch?v=_OUpwWCvE38

Sa tSeanmóir ar an Sliabh, d'iarr Íosa orainn a bheith trócaireach (Matha 5:7) agus maithiúnas a thabhairt (Matha 6:12).

Deir sé nach bhfaighimid féin trócaire nó maithiúnas mura mbíonn maithiúnas agus trócaire á léiriú againn i leith an duine eile.

Conas mar ar tugadh dúshlán duitse an trócaire a léiriú maidir le géarchéim reatha na ndídeanaithe?





Bunaíodh Seirbhís Íosánach na nDídeanaithe (SID) sa bhliain 1980 agus cuireadh túis lena chuid oibre in Éirinn sa bhliain 2002. An misean atá rompu ná a bheith i bhfochair na ndídeanaithe, freastal orthu, agus a bheith mar phléadálaí do dhídeanaithe agus do theifigh ar fud an domhain. Bíonn cláir SID ar siúl i mbreis agus 50 tír, bítear ag freastal ar dhídeanaithe i gcampaí, ar theifigh ina dtíortha féin, ar iarrthóirí tearmainn i gcathracha, agus ar dhaoine faoi choinneáil.

Bíonn SID Éireann ag obair ar son na ndaoine aonaracha, na dteaghlach, agus na bpáistí agus iad ar a mbealach tríd an gcorás tearmainn Éireannach. Rachaidh sé tamall fada ar an gcuid is mó acu go dtí go ndéanfar cinneadh maidir leis an iarratas ar thearmann ón stát Éireannach. Ón mbliain 2002 i leith, bíonn SID Éireann i bhfochair na ndaoine seo, agus ag freastal ar iarrthóirí tearmainn atá ina gcónai i lóistín a chuir an stát ar fáil, ar a dtugtar ionaid soláthar díreach. Faoi láthair, tá SID Éireann ag cur seirbhísí for-rochtana agus tacaíochta ar fáil do chóintheoirí in aon ionad soláthar díreach déag.

Is gné thábhachtach den aire seo a thugtar, ná deimhin a dhéanamh de go mbíonn meas ar dhínit na gcónaitheoirí. Tugann SID túis áite do na daoine is mó gátair. Déanann an fhór-rochtain deimhin de, go mbíonn urlabhraí ag na hiarrthóirí tearmainn in ionaid soláthar díreach, agus go ndéanfar éisteacht a thabhairt dá scéal féin agus dá gcuid riachtanais.

Iarrann SID Éireann go gcuircí fear athrú dearfach struchtúir i bhfeidhm ar chóras tearmainn agus inimirce na hÉireann, a rachaidh chun tairbhe na n-iarrthóirí tearmainn, na ndídeanaithe agus na dteifeach. Éilíonn SID chomh maith go ndéanfaí freastal ar riachtanais na ndaoine easáitithe ar bhealach níos fíor go réigiúnach, agus go hidirnáisiúnta, agus go gcuircí feabhas ar na polasaithe agus ar na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm ar ghrúpaí a bheadh ag lorg an tearmainn idirnáisiúnta.

Bíonn an phléadáil a dhéanann SID ag gach leibhéal, bunaithe agus ag brath ar an eolas agus ar an tuiscint a thagann ó ghaol maith láidir a bheith ag SID leis na hiarrthóirí tearmainn iad féin. Is iad na hábhair is mó a bhíonn SID bainteach leo in Éirinn ná: tearmann agus imirce; daoine faoi choinneáil; imeascadh; leasúchán reachtach agus ciníochas.

*Má theastaíonn uainn trócaire Dé
a chur i bhfeidhm inár saol,
caithimid glacadh le dea-shampla
an Tiarna agus freastal a dhéanamh.*

Cuireann an **soláthar díreach** ar ár gcumas an trócaire a léiriú ar bhealach pearsanta, an lámh chúnta ghrámhar a shíneadh, agus freagairt phraiticiúil a dhéanamh ar an ngátar daonna.

Bíonn tionscadail **soláthar indíreach** ann a bhailíonn airgead le bronnadh ar eagrais a dhéanann freastal ar an duine eile. Is sampla eile den soláthar indíreach é, earraí a bhailíú agus iad a chur ar aghaidh chuig eagrais a dhéanfaidh iad a scaipeadh i measc mhuintir an gháitair.

Le bheith ag **freastal mar phléadálaí**, caithfear tuiscint a bheith ag duine maidir le castacht na ceiste, agus smaoineamh ar bhealaí úra le bheith ag tabhairt tacaíochta. D'fhéadfá aird a tharraingt ar an gceist, litreacha a scríobh chuig eagarthóirí nuachtán, chuig polaiteoirí, chuig lucht gnó, nó a bheith ag labhairt amach faoin cheist áirithe. Is fianaise chumhachtach a leithéid a dhéanamh. Nuair a shnímid an lámh ghrámhar chuig daoine eile, tugaimid dúshlán na struchtúr éagórach.





Machnamh

1. Conas mar a thugann géarchéim na ndídeanaithe dúshlán dúinn trócaire Dé a léiriú?
2. Cíor an tSeanmóir ar an Sliabh (Matha 5–7) agus an póstaer a chuireann an teachtaireacht seo i bhfocail eile. Cad iad na frásáí nó na focail is tábhachtaí sna sleachta seo? An ndéanfá féin cur síos éagsúil ar an scéal seo?
3. Is coincheap cumhachtach é ‘iomhá na trócaire’. Déan cur síos mion ar an tuiscint atá agatsa faoi bhrí ‘iomhá na trócaire’. Conas mar a théann sé i bhfeidhm ar do shlí mhaireachtála féin?
4. Cén áit atá ag iomhá an fhreastail i do shaol féin? Bí ag smaoineamh ar na daoine atá ar an imeall i ngéarchéim reatha na ndídeanaithe. An bhféadfá féin freastal ar dhaoine nach mbuailfeá riamh leo, trína gcásanna a phléadáil?

Pайдir

Tabhair dúshlán leanúnach dúinn a Thiarna, a bheith ag freagairt go comhbhách ar riachtanais na ndaoine imeallacha. Tabhair an grásta dúinn breathnú go grinn ar an ábhar casta seo, agus dul i ngleic leis.

Deonaigh go mbeimid tiomanta don cheart a dhéanamh, de réir an tsampla a thug tú féin dúinn. Amen.





An Dúshlán Glacadh le Trócaire Dé

Réamhrá

Is é Íosa aghaidh thrócaire Dé. Chuaigh sé i measc na ndall, na mbacach, na lobhar chun a mhisean a chur i gcrích. Thrasnaigh sé Muir na Gailíle chun an dea-scéal a thabhairt don dream thall. Shuigh sé chun boird leis na peacaigh. Ba eisean an dea-aoire a d'fhág na naoi gcaora dhéag agus ceithre scór, agus a d'imigh ar thóir na caorach a bhí cailte. Cuireann sé i gcuimhne dúinn arís is arís eile nach bhfuil teorainn ar bith le trócaire Dé, tá áit do chách ann. Samhláigh na mílte duine a d'éist leis an bparabal faoin Mac Drabhlásach, agus a chuimhnigh ar aghaidh ghrámhar Dé.

Eochairfhocail

MAITHIÚNAS AITHRÍ BUÍOCHAS SACRAIMINT CAOINE ATHAIR FAOISTINE

Spreagadh

Bíonn deacrachtaí ag go leor Caitliceach déileáil leis an trócaire a thagann le maithiúnas. Ní thuigimid uaireanta gur sacramint an chneasaithe atá i Sacraimint na hAithrí.

Tá an machnamh ar Shacraimint na hAithrí thíos bunaithe ar chaint a thug an Pápa Proinsias ar an 11 Nollaig 2013 i gCearnóg Pheadair.

Abair leat féin: 'Cad í an uair dheireanach ar fhreastail mé ar Shacraimint na hAithrí?' Más rud é go bhfuil tamall fada ann, ná cuir lá amháin eile amú. Imigh, agus beidh an sagart ag feitheamh go foighneach ort. Déanfaidh tú teagháil le híosa agus sáraíonn seisean sagart ar bith. Cuirfidh sé fáilte mhór romhat. Cuirfidh sé fáilte ghrámhar romhat. Biodh misneach agat! Déan aithrí!

Ní thagann an maithiúnas chugainn de bharr ár n-iarrachtaí féin, ach bronntanas atá ann. Grásta ón Spiorad Naomh atá ann, eisean a lónann lena thrócaire agus lena ghrásta síoráinn ó thobar chroí Chríost, céasta ar chros agus aiséirithe.

Ná biodh eagla ort roimh Shacraimint na hAithrí. Uaireanta bionn imní orainn, agus muid ag feitheamh sa scuaine, ach nuair a bhíonn an gníomh déanta tógtar ualach dínn, bímid saor, gealgháireach, nite, sona sásta.

Féach ar an ngearrthóg seo:

www.youtube.com/watch?v=Qt3zSyDWuW8





Cad díreach a Tharlaíonn i Sacraimint na hAithrí?

Sula nglactar le Sacraimint na hAithrí, ullmhaíonn na Caitlicigh trí scrúdú coinsiasi a dhéanamh.

Scrúdú Coinsiasi

Is éard is brí le scrúdú coinsiasi a dhéanamh, ná breathnú go hurnaitheach inár gcroí istigh, le féachaint conas mar a loiteamar an gaol a bhíonn againn le Dia agus le daoine eile, i bhfocail, i gngníomh, nó i smaointe. Déanaimid machnamh ar na Deich nAithne agus ar theagasc na hEaglaise. Cabhróidh na ceisteanna thíos linn an scrúdú coinsiasi a dhéanamh.

An Gaol Atá Agam le Dia

- Cad atá á dhéanamh agam an gaol atá agam le Dia agus le daoine eile a chothú?
- An mbím sásta glao a chur ar Dhia go minic i rith an lae, go háirithe nuair a chuirtear cathú orm?
- An ndeirim ainm Dé, ainmneacha Íosa, Mhuire is na naomh le grá agus le hurraim?

An Gaol Atá Agam le mo Mhuintir, mo Chairde, mo Chomharsana

- Ar thug mise an drochshampla i bhfocail nó i gngníomh?
- An mbím cothrom le cách? An scaipim drochscéalta le daoine a ghortú?
- An dtugaim grá dom' mhuintir? An léirím meas i leith mo chomharsana, mo chairde, i leith na n-údarás?
- An bhfuil urraim agam dom' chorp féin agus do choirp eile? An seachnaím aon saghas siamsaíochta nach léiríonn meas don chollaíocht a bhronn Dia orainn?
- Ar thóg mé nó ar loit mé rudai nár bhain liom? Ar inis mé bréag, an ndearna mé caimiléireacht, ar chóipeáil mé ceachtanna baile?
- An mbím ag troid le daoine eile ionas go mbeidh mo rogha féin agam? An mbím ag caitheamh anuas ar dhaoine eile agus á díspeagadh? An mbíonn paor agam ar dhaoine a chuir isteach ormsa, agus mé ag iarraidh iadsan a ghortú?

Foinse: Loyola Press



Baineann na céimeanna seo le Sacraimint na hAithrí agus an Athmhuintearais:

- 1) **Réamhrá.** Nuair a thagann tú os comhair an tsagairt, gearr fíor na croise ort féin agus abair os ard, ‘Beannaigh mé a athair, toisc gur pheacaigh mé. Tá (pé méid ama) ann ón fhaostin dhereanach. Is iad seo mo pheacaí ...’
- 2) **Faoistin. Déan amach na peacaí** atá déanta agat sula dtagann tú chun faostine. Cad iad na rudaí a tháinig chun solais i rith an scrúdaithe coinsiasa? Ná bíodh na rudaí a deir tú doiléir, (bhí mé dána) ach ní gá na mionsonraí a thabhairt ach oiread. Mura mbeifeá cinnte faoi rud a bheith peacúil, iarr ar an sagart a rá leat. Ní bhíonn comhairleoireacht i gceist san fhaostin, mura n-iarrann tú é ní chuirfear comhairle ort.
- 3) **Breithiúnas Aithrí.** larrfaidh an sagart ort paidreacha a rá nó gníomh a dhéanamh mar fhreagairt ar thrócaire Dé. Tabhair aire mhaith, toisc go gcaithfidh tú smaoineamh air agus é a dhéanamh i ndiaidh na faostine.
- 4) **Aithreachas.** larrfaidh an sagart ort an ‘Gníomh Dóláis’ a rá, agus bíonn brón ort faoi do pheacaí uile. Caithfear an phaidir a rá os ard in éisteacht an tsagairt, agus tá foirmí éagsúla ann dá leithéid. Tá dhá shampla anseo:

Gníomh Dóláis

A Dhia, gabhaim buiochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Amen.

Nó:

Admhaím do Dhia uilechumhachtach, agus daoibhse a chairde, gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le failí, trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh, ar na hAingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a chairde, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia. Amen

- 5) **Aspalóid.** Fan nóiméad nuair a bhíonn an phaidir thusa ráite agat, le go dtabharfaidh an sagart aspalóid duit. Leathfaidh sé a lámha amach i do threo agus déarfaidh sé paidir na haspalóide: ‘Rinne Dia, Athair na Trócaire, trí bhás agus trí aiséirí a mhac, athmhuintearas leis an domhan uile, agus chuir sé an Spiorad Naomh inár measc le gach peaca a mhaithseamh. Go dtuga Dia maithiúnas agus síocháin duit trí mhinistreacht na hEaglaise. Bronnaim aspalóid ó do pheacaí duit in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh’. Amen. **Do Fhreagra:** Amen.
- 6) **Conclúid.** Déarfaidh an sagart rud ar nós, ‘Shaor Dia ón bpeaca tú. Imigh faoi shíocháin.’ Is féidir an freagra a thabhairt: Buiochas le Dia.

Tar éis imeachta duit ...

Ná déan dearmad an **breithiúnas aithrí a rá**. Más rud é go gcaithfear paidreacha áirithe a rá, tá sé chomh maith iad a rá láithreach sa séipéal ar eagla go ndéanfá dearmad orthu.

Cóipcheart © BustedHalo®

**Machnamh**

1. Tá bealaí éagsúla ann ina mbíonn an creasú le sonrú sa tsacraimint. Scríobh alt a mhíneodh an fíoras seo, agus a bheadh in oiriúint do pháiste deich mbliana d'aois.
2. An mbíonn tú ag troid in aghaidh shacraimint an chneasaithe?
3. Breathnaigh ar an nGníomh Dóláis. Cad é go díreach atá á rá ann?

Pайдир

A Thiarna, déan do bharróg ghrámhar a bhreith orm. Tabhair spreagadh dom glacadh go fonnmar le do chneasú. Deonaigh go mbeidh tionchar dearfach ar chách, ag an ngaol a bhíonn agam le pobal an domhain. Amen.

